2025/755

25.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/755 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Aibreán 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar chineál na dtáillí atá le gearradh ag ESMA ar athbhreithneoirí seachtracha Bannaí Glasa Eorpacha, ar na nithe a mbeidh na táillí dlite ina leith, ar mhéid na dtáillí, agus ar an modh ina n-íocfar na táillí sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht ([1]), agus go háirithe Airteagal 66(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na táillí a ghearrfaidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar athbhreithneoirí seachtracha Bannaí Glasa Eorpacha, ba cheart na costais uile a thabhaíonn ESMA as athbhreithneoirí seachtracha a chlárú, a aithint agus maoirseacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear costas díreach agus indíreach, a chumhdach. Ba cheart cionroinnt réasúnach ar fhorchostais sheasta agus athraitheacha ESMA a bhaineann le gníomhaíochtaí maoirseachta faoi Rialachán (AE) 2023/2631 a áireamh sa chostas indíreach.

(2) Ba cheart na táillí a ghearrtar ar ghníomhaíochtaí ESMA a bhaineann le hathbhreithneoirí seachtracha a shocrú ar leibhéal lena seachnófaí carnadh suntasach easnaimh nó barrachais. I gcás inarb ann do bharrachais nó d'easnaimh athfhillteacha ba cheart an leibhéal táillí a athbhreithniú.

(3) Ba cheart táillí clárúcháin le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha a shocrú ar leibhéal atá iomchuí chun léiriú a thabhairt ar an gcostas arna thabhú ag ESMA agus measúnú á dhéanamh aige ar na hiarratais agus chun comhsheasmhacht lena shainorduithe maoirseachta dírí inchomparáide a áirithiú. Maidir leis na táillí le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha a dhéanann iarratas, tar éis dóibh clárú, ar údarú mar athbhreithneoir seachtrach formhuiniúcháin ar athbhreithneoir seachtrach tríú tír, ba cheart a chur san áireamh iontu go ndearna ESMA measúnú orthu agus gur chláraigh ESMA iad cheana féin.

(4) Féadfaidh athbhreithneoirí seachtracha tríú tír seirbhísí a thairiscint faoi Rialachán (AE) 2023/2631 ar bhonn clárúcháin bunaithe ar chóras coibhéise, ar bhonn aitheantais, nó ar bhonn údarú formhuinithe ó athbhreithneoir seachtrach atá bunaithe san Aontas agus atá cláraithe le ESMA. Ba cheart na táillí atá le híoc le ESMA a bheith ina léiriú ar mhéid éagsúil na hiarrachta maoirseachta agus, dá bhrí sin, ar an gcostas a bhaineann le gach ceann de na roghanna sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iarracht agus an costas maoirseachta níos ísle a chur san áireamh leis na táillí le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha tríú tír a dhéanann iarratas ar chlárú faoi chóras coibhéise toisc go bhfuil siad cláraithe cheana féin agus, dá bhrí sin, go ndéantar measúnú agus maoirsiú orthu i dtríú tír. Ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha tríú tír a dhéanann iarratas ar aitheantas an táille chéanna agus a íocann athbhreithneoirí seachtracha atá bunaithe san Aontas a íoc, chun a léiriú gurb ionann an iarracht mhaoirseachta agus an costas maoirseachta.

([1]) IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj.

(5) Chun cosc a chur ar chruthú bacainní ar iontráil sa mhargadh d'athbhreithneoirí seachtracha beaga, is gá tairseach láimhdeachais a thabhairt isteach nach mbeidh athbhreithneoirí seachtracha faoi réir táillí maoirseachta bliantúla le haghaidh na 3 bliana tar éis iad a chlárú nó a aithint.

(6) De bhun Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2023/2631, ba cheart an tairseach a bheith bunaithe ar an láimhdeachas bliantúil ar leibhéal an ghrúpa. Ba cheart an láimhdeachas bliantúil a chinneadh ar bhonn ráitis airgeadais chomhdhlúite arna dtarraingt suas de bhun Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Chun comhréireacht a áirithiú san fhadtéarma, is gá uasteorainn a thabhairt isteach ar tháillí arna dtomhas mar sciar den láimhdeachas is infheidhme. Chun leibhéal intuarthachta a áirithiú maidir le bailiú táillí le haghaidh ESMA, is gá freisin íostáille a shocrú le haghaidh gach athbhreithneora sheachtraigh atá os cionn na tairsí. Ba cheart an íostáille sin a shocrú ar leibhéal lena n-áirithítear comhsheasmhacht le sainorduithe maoirseachta dírí inchomparáide ESMA.

(7) Tabhaíonn údaráis inniúla náisiúnta costais agus cúnamh á thabhairt acu do ESMA lena chúraimí maoirseachta agus, go háirithe nuair a thugann na húdaráis inniúla náisiúnta sin cúnamh do ESMA de bhun Airteagal 55(4) agus Airteagal 56(5) de Rialachán (AE) 2023/2631. Dá bhrí sin, leis na táillí a ghearrann ESMA ar athbhreithneoirí seachtracha Bannaí Glasa Eorpacha, ba cheart na costais sin a chumhdach freisin. Ionas nach dtabhóidh na húdaráis inniúla náisiúnta caillteanas ná brabús as cúraimí tarmligthe a dhéanamh nó as cúnamh a thabhairt do ESMA, níor cheart do ESMA ach na costais iarbhír arna dtabhú ag an údarás inniúil náisiúnta sin a aisíoc.

(8) Chuathas i gcomhairle le ESMA maidir le hinneachar an Rialacháin seo de bhun Airteagal 66(4) de Rialachán (AE) 2023/2631,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Táillí clárúcháin, aitheantais agus údarúcháin

1. Aon duine nó eintiteas a dhéanfaidh iarratas ar chlárú mar athbhreithneoir seachtrach le haghaidh Bannaí Glasa Eorpacha de bhun Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2023/2631, íocfaidh sé táille EUR 40 000 le ESMA.

2. An t-athbhreithneoir seachtrach tríú tír a dhéanfaidh iarratas ar chlárú mar athbhreithneoir seachtrach le haghaidh Bannaí Glasa Eorpacha de bhun Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2023/2631, íocfaidh sé táille EUR 10 000 le ESMA.

3. An t-athbhreithneoir seachtrach tríú tír a dhéanfaidh iarratas ar aitheantas de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, íocfaidh sé táille EUR 40 000 le ESMA.

4. An t-athbhreithneoir seachtrach ar Bhannaí Glasa Eorpacha a dhéanfaidh iarratas – tar éis a chláraithe – ar údarú mar athbhreithneoir seachtrach formhuiniúcháin de bhun Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2023/2631, íocfaidh sé táille EUR 20 000 le ESMA.

([2]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

Airteagal 2

Táillí maoirseachta bliantúla

1. An t-athbhreithneoir seachtrach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil arna ghiniúint ar leibhéal an ghrúpa atá faoi bhun EUR 5 000 000, beidh sé díolmhaithe ó tháille mhaoirseachta bhliantúil a íoc le ESMA. Beidh feidhm ag an díolúine sin go dtí deireadh an tríú bliain féilire iomlán tar éis an chlárúcháin nó an aitheantais de réir mar is infheidhme. Tar éis an dáta sin, íocfaidh na hathbhreithneoirí seachtracha sin táille mhaoirseachta bhliantúil a ríomhfar i gcomhréir le mír 2.

2. Ríomhfaidh ESMA an costas maoirseachta bliantúil iomlán agus an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh athbhreithneoir seachtrach ar leith mar a leanas:

(a) is é a bheidh sa chostas maoirseachta bliantúil iomlán le haghaidh bliain ar leith (n) meastachán ar an gcaiteachas a bhaineann leis an maoirseacht ar ghníomhaíochtaí athbhreithneoirí seachtracha faoi Rialachán (AE) 2023/2631 mar a áirítear i mbuiséad ESMA le haghaidh na bliana sin;

(b) is éard a bheidh i dtáille mhaoirseachta bhliantúil athbhreithneora sheachtraigh le haghaidh bliain ar leith (n) an costas maoirseachta bliantúil iomlán arna chinneadh de bhun phointe (a), arna roinnt idir na hathbhreithneoirí seachtracha uile seachas na hathbhreithneoirí seachtracha sin atá díolmhaithe de bhun mhír 1 sa bhliain (n), i gcomhréir lena láimhdeachas is infheidhme arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3;

(c) ní bheidh an táille mhaoirseachta bhliantúil a ghearrfar ar athbhreithneoir seachtrach níos mó ná 3 % dá láimhdeachas is infheidhme. Mar sin féin, ní íocfaidh aon athbhreithneoir seachtrach táille mhaoirseachta bhliantúil atá níos ísle ná EUR 30 000.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, beidh táille mhaoirseachta na chéad bhliana cothrom leis an táille dá dtagraítear in Airteagal 1(1) nó, i gcás inarb infheidhme, leis an táille dá dtagraítear in Airteagal 1(2) nó, i gcás inarb infheidhme, leis an táille dá dtagraítear in Airteagal 1(3), arna iolrú faoin líon laethanta idir clárú nó aitheantas agus deireadh na bliana agus arna roinnt ar an líon iomlán laethanta sa bhliain sin.

4. Athbhreithneoir seachtrach a chlárófar nó a aithneofar le linn mhí na Nollag, ní íocfaidh sé táille mhaoirseachta na chéad bhliana.

Airteagal 3

Láimhdeachas is infheidhme

1. Coimeádfaidh athbhreithneoirí seachtracha cuntais iniúchta ina ndéantar idirdhealú soiléir idir an t-ioncam a ghintear ó sheirbhísí athbhreithnithe sheachtraigh agus a n-ioncam eile.

2. Is éard a bheidh i láimhdeachas athbhreithneora sheachtraigh is infheidhme le haghaidh bliain ar leith (*n*) dá dtagraítear in Airteagal 2(2) suim ioncam an athbhreithneora sheachtraigh sin a ghintear ó sholáthar seirbhísí athbhreithnithe sheachtraigh ar bhonn chuntais iniúchta na bliana sin (*n*-2).

3. Chun comhéifeacht láimhdeachais gach athbhreithneora sheachtraigh a ríomh, roinnfidh ESMA láimhdeachas an athbhreithneora sheachtraigh sin is infheidhme sa bhliain (*n*-2) ar láimhdeachas na n-athbhreithneoirí seachtracha uile is infheidhme sa bhliain (*n*-2) lúide láimhdeachais na n-athbhreithneoirí seachtracha atá díolmhaithe ó tháille mhaoirseachta bhliantúil a íoc de bhun Airteagal 2(1). I gcás nach bhfuil cuntais iniúchta athbhreithneora sheachtraigh ar leith ar fáil le haghaidh na bliana (*n*–2), úsáidfidh ESMA cuntais iniúchta an athbhreithneora sheachtraigh sin le haghaidh na bliana (*n*–1).

4. I gcás nach raibh an t-athbhreithneoir seachtrach ag oibriú le linn na bliana (*n*–2) nó (*n*–1) ina hiomláine, ríomhfaidh ESMA láimhdeachas an athbhreithneora sheachtraigh sin is infheidhme i gcomhréir le mír 2 trí na luachanna arna ríomh i leith líon na míonna ina raibh an t-athbhreithneoir seachtrach ag oibriú sa bhliain (*n*–2) nó (*n*–1) a eachtarshuí go dtí an bhliain iomlán (*n*–2) nó (*n*–1).

5. Soláthróidh athbhreithneoirí seachtracha na cuntais iniúchta dá dtagraítear i mír 1 do ESMA ar bhonn bliantúil. Déanfaidh siad na doiciméid sin a chur faoi bhráid ESMA trí mheán leictreonach tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair gach bliain (*n*-1). Soláthróidh athbhreithneoir seachtrach a chláraítear nó a aithnítear tar éis an 30 Meán Fómhair a chuntais iniúchta do ESMA láithreach tar éis a chláraithe nó a aitheanta, agus faoi dheireadh bhliain an chlárúcháin nó an aitheantais.

6. Maidir le hioncam a ghintear ó sheirbhísí athbhreithnithe sheachtraigh a thuairiscítear in airgeadra eile seachas an euro, déanfaidh ESMA an t-ioncam sin a chomhshó go euro trí úsáid a bhaint as an meánráta malairte eachtraí euro is infheidhme i dtaca leis an tréimhse inar taifeadadh an t-ioncam. Chun na críche sin, úsáidfidh ESMA ráta tagartha malairte eachtraí euro arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach.

Airteagal 4

Módúlachtaí íocaíochta ginearálta

Is in euro a bheidh na táillí uile iníoctha. Tabhófar le haon íocaíochtaí déanacha an t-ús mainneachtana a leagtar síos in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

Airteagal 5

Íocaíocht táillí clárúcháin, aitheantais agus údarúcháin

1. Beidh na táillí clárúcháin, aitheantais agus údarúcháin dlite tráth a dhéanfaidh an t-athbhreithneoir seachtrach iarratas ar chlárú, ar aitheantas nó ar údarú, agus íocfar iad ina n-iomláine laistigh de 30 lá ón dáta a eiseofar sonrasc ESMA.

2. Ní aisíocfaidh ESMA aon táille clárúcháin, aitheantais ná údarúcháin le hathbhreithneoirí seachtracha a chinneann a n-iarratas ar chlárú, ar aitheantas nó ar údarú a tharraingt siar

Airteagal 6

Íocaíocht táillí maoirseachta bliantúla

1. An táille mhaoirseachta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 2, beidh sí dlite ag tús gach bliana féilire agus íocfar í ina hiomláine le ESMA sna chéad 3 mhí den bhliain sin. Soláthróidh ESMA sonrasc do gach athbhreithneoir seachtrach ina sonrófar an táille mhaoirseachta atá dlite 30 lá roimh an dáta íocaíochta deiridh ar a dhéanaí.

2. Ní aisíocfaidh ESMA aon táille mhaoirseachta bhliantúil íoctha i gcás ar bith.

Airteagal 7

Aisíocaíocht leis na húdaráis inniúla náisiúnta

1. Ní ghearrfaidh ESMA ach na táillí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2.

2. Aisíocfaidh ESMA leis na húdaráis inniúla náisiúnta na costais iarbhír a thabhófar mar gheall ar chúraimí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2023/2631, agus go háirithe na costais iarbhír a thabhófar mar gheall ar aon chúraim a dhéanamh de bhun Airteagal 55(4) nó Airteagal 56(5) den Rialachán sin. Áireofar leis na costais atá le haisíoc na costais sheasta uile agus na costais athraitheacha uile a bhaineann leis an gcúnamh a thugtar do ESMA.

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN